


Rialtas nua

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi na suíocháin a líonadh sa Dáil nua. Sula bhféachfaidh tú ar an mír, pléigh a bhfuil ar eolas agat faoin scéal leis an duine in aice leat.



Ceist 2

Cén Ghaeilge atá ar na focail/frásaí seo thíos? Beidh siad le cloisteáil sa mhír ar ball.

- in light of the general election result
- in contact with
- negotiating team
- neck and neck
- barely
- solidarity
- Independents
- acrimonious talks
- due, on the cards
- majority
- minority government

Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agat.

Ceist 3

Féach ar an tuairisc den dara huair agus freagair na ceisteanna seo:

1. Cé mhéad suíochán a fuair na páirtithe polaitíochta ar fad sa 33ú Dáil?
2. Cé a fuair an céatadán is airde de vótaí céadrogha?
3. Luaigh Peadar Mac Gaoithín na roghanna féideartha a bheadh ann chun rialtas nua a bhunú. Cad iad?
4. Cad a dúirt Pearse Doherty?
5. Cad a bhí le rá ag Simon Harris?

Ceist 4 ‘...d’fhéadfaí...’ agus ‘...a mbeadh...’

1. Bain úsáid as na briathra sa bhosca chun na rialacha a bhaineann leis an modh coinníollach a léiriú. Féach ar an sampla:

Cuir

Chuirfinn

Chuirfeá

Chuirfeadh sé/sí

Chuirfimis

Chuirfeadh sibh

Chuirfidís

Chuirfí

An gcuirfeá...?

Chuirfinn/Ní chuirfinn

- | | |
|---|-----------|
| ✓ | Dún |
| ✓ | Ceannaigh |
| ✓ | Imigh |
| ✓ | Foghlaim |
| ✓ | Sábháil |

2. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus cuirigí na ceisteanna seo ar a chéile. Bígí cúramach – caithfidh sibh na ceisteanna a chur sa mhodh coinníollach freisin.

Cad a dhéanfaí dá:

- (teip) ort sna scrúduithe?
- (buaigh) ticéad eitleáin chun na Stát Aontaithe?
- (bí) saibhir?
- (togh) i do Thaoiseach tú?
- (féad) dul ag amthaisteal?

Ceist 5 ‘...ar éigean...’

Cad is brí leis na nathanna seo? Cuir in abairtí iad lena mbrí a léiriú.

- éigean a dhéanamh ar dhuine
- Is éigean do
- a bheith in éigean
- ar ais nó ar éigean

Ceist 6

Féach ar na seanfhocail seo. Labhair leis an duine in aice leat faoi bhrí na seanfhocal, go háirithe i gcomhthéacs na sochaí.

‘Ar scáth a chéile a mhaireann na daoine’

‘Is fearr beagán den ghaol ná mórán den charthanas’

‘Bíonn caora dhubh ar an tréad is gile’

‘Ní neart go cur le chéile’

‘Ná bain den rud nach mbaineann leat’

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Plé atá i gceist leis an gceist seo.

Ceist 2

in light of the general election result – *i bhfianaise thoradh an olltoghcháin*

in contact with – *i dteagmháil le*

negotiating team – *foireann idirbheartaíochta*

neck and neck – *gob ar ghob*

barely – *ar éigean*

solidarity – *dlúthpháirtíocht*

Independents – *Neamhspleáigh*

acrimonious talks – *cainteanna achrannacha*

due, on the cards – *ar na bacáin*

majority – *móramh*

minority government – *rialtas mionlaigh*

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

- ✓ Dún
 - dhúnfainn
 - dhúnfá
 - dhúnfadh sé/sí
 - dhúnfaimis
 - dhúnfadh sibh
 - dhúnfaidís
 - dhúnfáí
 - an ndúnfá?
 - dhúnfainn / ní dhúnfainn
- ✓ Ceannaigh
 - cheannóinn
 - cheannófá
 - cheannódh sé/sí
 - cheannóimis
 - cheannódh sibh
 - cheannóidís
 - cheannófaí
 - an gceannófá?
 - cheannóinn / ní cheannóinn
- ✓ Imigh
 - d'imeoinn
 - d'imeofá
 - d'imeodh sé/sí
 - d'imeoimis
 - d'imeodh sibh
 - d'imeoidís
 - d'imeofaí
 - an imeofá?
 - d'imeoinn / ní imeoinn
- ✓ Foghlaim
 - d'fhoghlaimoinn
 - d'fhoghlaimeofá
 - d'fhoghlaimiodh sé/sí
 - d'fhoghlaimoimis

- d'fhoghlaimedh sibh
- d'fhoghlaimoidís
- d'fhoghlaimeofaí
- an bhfoghlaimeofaí?
- d'fhoghlaimoínn / ní fhoghlaimoínn
- ✓ Sábháil
- shábhálfainn
- shábhálfá
- shábhálfadh sé/sí
- shábhálfaimis
- shábhálfadh sibh
- shábhálfaidís
- shábhálfai
- an sábhálfá?
- shábhálfainn / ní shábhálfainn

Cad a dhéanfaí dá dteipfeadh ort sna scrúduithe?
Cad a dhéanfaí dá mbuafá ticéad eitleáin chun na Stát Aontaithe?
Cad a dhéanfaí dá mbeifeá saibhir?
Cad a dhéanfaí dá dtoghaí i do Thaoiseach tú?
Cad a dhéanfaí dá bhféadfá dul ag amthaisteal?

Ceist 5

éigean a dhéanamh ar dhuine – *to do violence to someone*
Is éigean do – *it is necessary for*
a bheith in éigean – *to be in difficulty*
ar ais nó ar éigean – *at all costs*

Ceist 6

'Ar scáth a chéile a mhaireann na daoine'
People live in each other's shadow (People need each other).
'Is fearr beagán den ghaol ná mórán den charthanas'
A little kinship is better than a lot of charity (Charity begins at home).
'Bíonn caora dhubh ar an tréad is gile'
Even the whitest flock has a black sheep.
'Ní neart go cur le chéile'
There is no strength without unity.
'Ná bain den rud nach mbaineann leat'
Don't interfere with things that don't concern you.

Eimear Ní Chonaola

Tá páirtithe polaitíochta i mbun machnaimh faoi rialtas nua a bhunú, i bhfianaise thoradh an olltoghcháin. Meastar go mbeidh páirtithe i dteagmháil lena chéile as seo go ceann roinnt laethanta. Dúirt Pearse Doherty ó Shinn Féin go mbeidh foireann idirbheartaíochta an pháirtí ag caint le páirtithe eile ón lá amárach. Is iad Fianna Fáil an páirtí is mó sa 33ú Dáil, cé nach bhfuil acu ach suíochán amháin sa mbreis ar Shinn Féin.

Peadar Mac Gaoithín

Go gairid roimh mheán oíche aréir a líonadh na suíocháin dheireanacha don 33ú Dáil. Agus, den chéad uair riamh chríochnaigh na trí pháirtí polaitíochta is mó sa stát beagnach gob ar ghob.

Ag Fianna Fáil ar éigean atá an líon is mó suíochán – 38. Olltoghchán Shinn Féin a bhí anseo agus 37 as 42 iarrthóir a sheas don pháirtí tofa. 35 shuíochán a fuair Fine Gael. 12 a fuair an Comhaontas Glas, an toradh is fearr riamh don pháirtí. Sé shuíochán atá ag an Lucht Oibre agus ag na Daonlathaigh Shóisialta. Tá Dlúthpháirtíocht-Pobal Seachas Brabús ar chúig shuíochán agus Neamhspleáigh agus dreamanna eile ar 21.

Sinn Féin a fuair an céatadán is airde, 24.5%, de vótaí céadrogha. Anois atá an obair ag toiseacht¹ le rialtas a chur le chéile agus cainteanna achrannacha ar na bacáin idir na páirtithe. Ní leor comhrialtas de dhá pháirtí ar bith as na trí cinn is mó sa tír anois, leis an 80 suíochán atá ag teastáil a fháil, le móramh a bhaint amach sa Dáil.

Mar sin, cén roghanna atá ann? D'fhéadfaí rialtas mionlaigh, déanta suas de pháirtithe ar an eite chlé, air a mbeadh Sinn Féin i gceannas, a bhunú. D'fhéadfaí comhrialtas idir Fianna Fáil agus Sinn Féin, chomh maith le páirtí níos lú, a bhainfeadh móramh Dála amach a chur le chéile. Agus, d'fhéadfaí comhrialtas de na sean-naimhde Fianna Fáil agus Fine Gael agus páirtí níos lú a bhunú.

Is é Pearse Doherty atá ceaptha le bheith i gceannas ar fhoireann idirbheartaíochta Shinn Féin.

Pearse Doherty, TD, Sinn Féin

Tá na cruinnithe sin anois socraithe faoi choinne amárach, agus cainteanna socraithe faoi choinne amárach leis an PBP agus leis na Soc Dems, leis an Pháirtí Lucht Oibre agus na Glasaigh² fosta. Ach, dúirt muid le linn an fheachtais agus tá muid ag rá an rud céanna anois, go labhróimid le hachan pháirtí³ sa dóigh is gur féidir linne rialtas a chur i mbun a dhéanfaidh an t-athrú sin, ar thug na céadta mílte duine vóta do Shinn Féin [ar a shon].

Peadar Mac Gaoithín

Níl Teachtaí Dála Fhianna Fáil ar aon fhocal faoi chomhrialtas le Sinn Féin, ach níor chuir Michael McGrath as an áireamh é inniu. Dúirt Simon Harris, Fine Gael, arís tráthnóna nach rachadh an páirtí i gcomhrialtas le Sinn Féin.

Peadar Mac Gaoithín, Nuacht TG4.

¹ *tosú* an leagan caighdeánach

² *Pobal Roimh Bhrabús, na Daonlathaigh Shóisialta, Páirtí an Lucht Oibre agus an Comhaontas Glas* na leaganacha oifigiúla

³ *le gach páirtí* an leagan caighdeánach